Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11351/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0271(NLE)**

**MAR 120**
**OMI 46**
**ENV 592**
**CLIMA 231**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11270/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 11143/20 |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/721 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 lena n-áirítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 75ú seisiún agus sa Choiste Muir-Shábháilteachta de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 102ú seisiún i ndáil le ciorclán MSC-MEPC.5 a fhormheas maidir le samhail-chomhaontú chun eagraíochtaí aitheanta a ghníomhaíonn thar ceann an Riaracháin a údarú<br>– Glacadh |

**RÉAMHRÁ**

1. An 28 Meán Fómhair 2020, chuir an <u>Coimisiún</u> an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Is é is aidhm don togra Cinneadh (AE) 2020/721[1] ón gComhairle a leasú chun seasamh ón Aontas a chur leis an gcinneadh sin, seasamh chun ciorclán MSC-MEPC.5 a fhormheas maidir leis an samhail-chomhaontú chun eagraíochtaí aitheanta a ghníomhaíonn thar ceann an Riaracháin a údarú. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh Coiste Muir-Shábháilteachta de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 102ú seisiún (MSC 102) ón 4 go dtí an 11 Samhain 2020 agus an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí le linn a 75ú seisiún (MEPC 75) ón 16 go dtí an 20 Samhain 2020 an ciorclán a fhormheas go comhpháirteach.

3. Le formheas chiorclán MSC-MEPC.5, d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a bheith aige ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

**OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE**

4. An 30 Meán Fómhair agus an 7 Deireadh Fómhair 2020, scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra. Ag an gcruinniú sin i mí Dheireadh Fómhair, tháinig an mheitheal ar chomhaontú maidir leis an téacs.

5. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chuid de na leasuithe a rinneadh ar an togra bunaidh agus d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige ráiteas a chur le miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

6. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

---

[1] Cinneadh 2020/721 (AE) ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 75ú seisiún den Choiste sin, agus i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 102ú seisiún den Choiste sin, a mhéid a bhaineann le glacadh leasuithe ar rialacháin 2, 14 agus 18 agus ar fhoscríbhinní I agus VI d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, glacadh leasuithe ar Chodanna A-1, B, B-1, B-2 go B-4 de Chaibidil II-1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, glacadh leasuithe ar Chodanna A-1 agus B-1 den Chód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe Eile agus glacadh leasuithe ar rún A.658(16) maidir le húsáid agus feistiú na n-ábhar ais-fhrithchaiteach ar fhearais tarrthála (IO L 171, 2.6.2020, lch. 1).

[2] Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha córas riaracháin muirí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 47).

**CONCLÚID**

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 11340/20 é, a d'ullmhaigh na saineolaithe dlítheangeolaíocha, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle lena ghlacadh.

8. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.